Lá Forógra Scoile

A Mhuintir na hÉireann

Ba mhaith linne, páistí Scoil Chualann, ár mbuíochas a ghabháil leis na glúine a chuaigh romhainn a sheas ar fód ar son saoirse na tíre, ar son na Gaeilge, ar son ár gcultúir agus ar son ár gcreidimh.

Fógraímid go bhfuil gach páiste ar chomhchéim, go bhfuilimid ar fad chomh luachmhar is chomh tábhachtach céanna.

Sílimid go bhfuil sé de cheart againne mothú slán sábháilte agus sinne ag fás aníos ionas go mbeimid tuisceanach, cineálta, fial agus foighneach le cách.

Seo mianta pháistí Scoil Chualann don saol amach romhainn:

Go mbeadh na cearta céanna ag gach duine sa tír, is cuma cén iscne, cine, creideamh nó cúlra cultúrtha lena mbaineann siad.

Go mbeadh clann ghrámhar ag gach páiste

Go mbeadh dídean ag gach clann sa tír agus go mothódh gach páiste slán sábháilte ina theach féin

Go mbeadh fáil ag gach duine ar chóras sláinte éifeachtach

Go mbeadh fáil ag gach duine ar chóras oideachais fiúntach

Go mbeimís mar phobal tuisceanach maidir le riachtanais speisialta agus seanaois

Go gcuirfí fáilte roimh inimircigh ó thíortha eile agus go léireófaí meas orthu agus go dtabharfaí aire dóibh

Go mbeadh fáil ag gach duine ar phost agus go mbeadh caighdeán maireachtála réasúnta ag gach duine

Go mbeadh sé de cheart ag gach duine Gaeilge a labhairt agus an cultúr Gaelach a chaomhnú

Go gcuirfí béim ar bhia sláintiúil agus ar shláinte coirp is anama

Go mbeadh gach saoránach toilteanach aire a thabhairt don timpeallacht chun ár dtír bhreá a chaomhnú do na glúine atá fós le teacht

Iarraimid ar Dhia a bheannacht a chur orainn agus sinne ag iarraidh na mianta seo a bhaint amach.

Siníthe ag páistí, múinteoirí agus pobal Scoil Chualann.